

# DO CHEARTA FAOIN GCREAT SÁBHÁILTEACHTA AR LÍNE

## AN CEART CHUN TUAIRSCIÚ A DHÉANAMH

Ba cheart go mbeadh an córas tuairiscithe éasca le húsáid agus éasca le haimsiú.



Le haghaidh tuilleadh eolais

Tabhair cuairt ar [www.cnam.ie](http://www.cnam.ie)

## AN CEART CHUN PRÍOBHÁIDEACHAIS

Nuair a bhíonn a fhios ag ardáin go bhfuil úsáideoir faoi bhun 18 bliana d'aois, níl cead acu fógraíocht spriocdhírthe a úsáid orthu.



## AN CEART CHUN TÚ FÉIN A CHUR IN IÚL

Má bhaineann ardán do chuid ábhair anuas, tá sé de cheart agat tuiscint a bheith agat ar an gcúis leis sin agus achomarc a lorg ar an gcinneadh sin.



## AN CEART CHUN EOLAIS

Ba cheart eolas maidir le srianta ar ábhar a bheith sna Téarmaí agus Coinníollacha, m.sh. ábhar midhleathach agus díobhálach.



## AN CEART CHUN COSAINT A FHÁIL AR DHÍOBHÁIL

Ní mór eolas soiléir a bheith ag ardáin ina dTéarmaí agus Coinníollacha faoin gcaoi a noibríonn a gcórais moltaí (m.sh. fothaí 'duit').

Ba cheart d'ardáin níos mó smachta a thabhairt duit ar chéard a fheiceann tú ar líne.



Ní mór do na Téarmaí agus Coinníollacha a bheith éasca le tuiscint.

# AN CREAT SÁBHÁILTEACHTA AR LÍNE

## An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige timpeallacht shábháilte, chothrom agus iontaoifa a chruthú ar líne.

De réir an dlí, ní mór d'ardáin:

- 👍 Téarmaí agus Coinníollacha atá éasca le tuiscint a bheith acu
- 👍 Córais tuairiscithe atá éasca le haimsiú agus éasca le húsáid a bheith acu
- 👍 An chúis ar baineadh/nár baineadh postáil anuas a mhíniú
- 👍 Eolas a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn a gcórais moltaí
- 👍 Gan fógraí spriocdhírthe a sheoladh chuig úsáideoirí nuair atá a fhios acu go bhfuil na húsáideoirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ní mór seiceálacha neamhspleácha a dhéanamh ar ardáin níos mó freisin chun a chinntiú go bhfuil céimeanna á thógáil acu chun an t-ardán a choinneáil sábháilte do leanaí, m.sh. trí rialúcháin tuismitheoirí a sholáthar.

Le haghaidh tuilleadh eolais

Tabhair cuairt ar  
[www.cnam.ie](http://www.cnam.ie)

## An tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialúcháin na Meán (OSC)

Cód Éireannach a bhaineann le soláthraithe ardán comhroinnte fiseán áirithe (VSPanna) atá lonnaithe in Éirinn (m.sh. TikTok, YouTube, Instagram).

Ní mór do VSPanna a luadh go soiléir ina dTéarmaí agus Coinníollacha nach gceadaítear ábhar mídhleathach nó díobhálach.

Ní mór do VSPanna bearta a ghlacadh chun nach bhfeicfeadh leanaí ábhar díobhálach agus mídhleathach, nuair a thuiriscítear dóibh é.

Ní mór do VSPanna an méid seo a leanas a bheith acu:

- 👍 Córais dearbhaithe aoise
- 👍 Rialúcháin tuismitheoirí
- 👍 Tionscnaimh um lítearthacht sna meáin.

## Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige stop a chur le comhroinnt ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus a thugann cead d'ábhar den chineál sin a bhaint go tapa ó ardáin.

Is éard é ábhar sceimhlitheoireachta ná gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chur chun cinn, a mholadh agus a spreagadh, chomh maith le daoine eile a spreagadh chun páirt a bheith acu i ngníomhartha den sórt sin.

Is é an **Garda Síochána** an t-aon eagraíocht ar féidir léi iallach a chur ar ardán chun t-ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint. Bíonn uair an chloig ag an ardán an tábhar a bhaint nuair a eisiúnn na Gardaí rabhadh.



Coimisiún  
na Meán